Oifig an Ard-Aighne

Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

# Scéim faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

## ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

## OFFICIAL LANGUAGES ACT 2003

---

## SCÉIM 2020 – 2023

## SCHEME 2020 - 2023

---

# CLÁR NA nÁBHAR

1. Réamhrá agus Cúlra ........................................................... 1

2. Léargas ar na hOifigí........................................................... 6

3. Oifig an Ard-Aighne (lena n-áirítear Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas) ........................................................ 9

4. Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ............................................ 13

5. Páirtithe Leasmhara ........................................................... 16

6. Seirbhísí atá le cur ar fáil sa Dá Theanga nó i nGaeilge agus Feabhsú ar Sheirbhísí atá le cur ar fáil i nGaeilge .................. 18

7. Monatóireacht ................................................................... 29

8. Poibliú na Scéime Comhaontaithe ....................................... 30

# 1. Réamhrá agus Cúlra

Is í Oifig an Ard-Aighne (OAA), thar ceann a trí comhoifig (lena n-áirítear Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (ODP) agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS)), a d'ullmhaigh an Scéim seo, an ceathrú Scéim Gaeilge, faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht"). Foráiltear san Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí Scéim reachtúil ina sonraítear na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla;

agus na bearta a ghlacfar chun a chinntiú go ndéanfar seirbhís ar bith nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh d'amscála comhaontaithe.

Tugtar "na hOifigí" anseo ina dhiaidh seo ar OAA, ODP agus OPAS.

Mar gheall ar an bprionsabal um scaradh cumhachtaí, tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird **nach** gcuireann an tArd-Aighne comhairle dlí ar na brainsí eile Rialtais, is é sin le rá, an tUachtarán ná na brainsí reachtacha agus breithiúnacha. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird freisin nach gcuireann an tArd-Aighne ná foirne na nOifigí comhairle dlí ar dhaoine den phobal ná nach dtugann siad faoi aon taighde dlí thar a gceann. Ba chóir do dhaoine den phobal ar mian leo comhairle dlí a iarraidh dul i gcomhairle lena gcuid comhairleoirí féin. I dtaca le Caingne Insteora, dírímid d'aird ar an bhfaisnéis atá ar láithreán gréasáin OAA ar a bhfuil sonraí ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon.

## 1.1 Treoirlínte maidir le Scéim a Ullmhú

Rinneadh an Scéim seo a dhréachtú agus aird á tabhairt ar na treoirlínte a fhoráiltear in Alt 12 den Acht agus ar chomhairle ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Faoi Alt 13 den Acht, d'fhoilsigh na hOifigí fógra ar láithreán gréasáin Oifig an Ard-Aighne agus ar láithreán gréasáin Tuairisc.ie an 27

Samhain 2018, ag lorg uiríoll ó pháirtithe leasmhara maidir le hullmhú na dréacht-Scéime. Socraíodh an 31 Nollaig 2018 mar an dáta deiridh a nglacfaí le haighneachtaí ó pháirtithe leasmhara. Glacadh na haighneachtaí sin san áireamh nuair a bhí an Scéim seo á hullmhú, mar aon le tuairimí agus moltaí ón bhfoireann sna hOifigí. Is mór ag na hOifigí an t-am agus an dua a chaith gach duine a bhí bainteach leis an bpróiseas sin.

## 1.2 Ábhar Scéim 2020 – 2023

Faoin Scéim seo, cuirtear leis an dul chun cinn a rinneadh maidir le seirbhísí a sholáthar i nGaeilge faoin chéad trí Scéim Gaeilge a cuireadh i bhfeidhm. Faoin chéad trí Scéim, rinneadh gealltanais chuimsitheacha maidir le leibhéal na seirbhíse Gaeilge a fheabhsú, agus comhlíonadh na gealltanais sin ar fad.

Áirítear orthu sin an tsuntasacht chéanna a thabhairt don leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ar láithreáin gréasáin na nOifigí, agus freagra i nGaeilge a thabhairt ar chomhfhreagras a fhaightear as Gaeilge. Más amhlaidh go ndéantar imeachtaí dlí a thionscnamh as Gaeilge, sanntar an cás chuig baill foirne dlí in OAA agus OPAS atá

inniúil i nGaeilge agus ainmneoidh an tArd-Aighne abhcóide atá líofa i nGaeilge chun feidhmiú don Stát. Chomh maith leis sin, tomhaiseann na hOifigí go leanúnach leibhéal éilimh ar sheirbhísí Gaeilge ó chliaint agus ó chustaiméirí agus cuireann siad bearta breise i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun freastal ar na héilimh sin. Rinne Oifig an Choimisinéara Teanga meastóireacht chomh maith ar scéimeanna a bhí ann roimhe seo.

Is é an cuspóir atá ag an gceathrú Scéim seo leanúint leis na gealltanais a leagadh amach sa chéad trí Scéim a chomhlíonadh agus an leibhéal seirbhíse a fheabhsú thar thréimhse Scéim 2020 – 2023, nuair is féidir. Sainaithnítear i gCaibidil 6 den Scéim na réimsí a bhféadfaí seirbhísí a sholáthraíonn na hOifigí i nGaeilge a fheabhsú amach anseo.

Is ar an gCoiste/Bord Bainistíochta áitiúil agus ar an gComhchoiste Comhairleach Bainistíochta OAA/OPAS Príomhúil laistigh de na hOifigí a bheidh an fhreagracht maidir le monatóireacht agus athbhreithniú na Scéime.

Áirítear leis an Scéim freisin gealltanas chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar leibhéal éilimh ar sheirbhísí Gaeilge agus chun a chinntiú go leanfaidh na hOifigí ag freastal ar an éileamh sin ar bhealach atá pleanáilte, comhleanúnach agus inrochtana. Thairis sin, leanfaidh na hOifigí ag tomhas líon na bhfiosruithe agus na n-iarratas ar sheirbhísí Gaeilge ar bhonn bliantúil.

## 1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Beidh feidhm ag an Scéim ón 01 Feabhra 2020 agus beidh sí i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go ndaingneoidh an tAire Scéim nua de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu ceann is déanaí.

# 2. Léargas ar na hOifigí

## 2.1 Ról an Ard-Aighne

Sainmhínítear ról an Ard-Aighne in Airteagal 30 den Bhunreacht mar "comhairleach don Rialtas i gcúrsaí dlí agus tuairimí dlí". Tá feidhmeanna, cumhachtaí agus dualgais an Ard-Aighne le fáil sa Bhunreacht, sa reachtaíocht (alt 6 den Acht Airí agus Rúnaithe, 1924 go príomha), sa tionól bunreachtúil agus i gcinntí breithiúnacha arna seachadadh roimh bhunú an Stáit agus ina dhiaidh sin. De bhua an naoú cuid den sceideal a ghabhann leis an Acht thuasluaite, tá smacht agus freagracht ag an Ard-Aighne ar Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

## 2.2 Róil agus Feidhmeanna na nOifigí

Sonraítear i Ráiteas Straitéise na nOifigí 2016 – 2019 gurb é misean Oifig an Ard-Aighne:-

*“An caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d’Oifigí ar bhonn chomh tíosach agus chomh héifeachtach agus is féidir, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chomhlíonadh riail an dlí.”*

Is iad príomhróil na nOifigí:

- tacaíocht agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne chun dualgais na hoifige sin a chomhlíonadh;
- seirbhísí dlí gairmiúla ar an gcaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí;
- reachtaíocht a dhréachtú;
- seirbhísí dlíthíochta a sholáthar;

- cur le seirbhís éifeachtach phoiblí trí chomhordú ar sheirbhísí dlí an Stáit a spreagadh agus a bheith páirteach ann;

- a chinntiú go gcuirtear seirbhísí dlí ar fáil ar bhonn éifeachtach don Rialtas, Ranna, agus Oifigí, agus go mbíonn caidreamh oibre torthúil ag an Oifig seo leo,
  agus aird ar an gClár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus, go háirithe, prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí.

# 3. Oifig an Ard-Aighne (lena n-áirítear Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas)

## 3.1 Na hAbhcóidí Comhairleacha

Tá taobh Abhcóidí Comhairleacha na hOifige roinnte ina chúig ghrúpa lena gclúdaítear na sainréimsí dlí go léir. Tá sé comhdhéanta d'abhcóidí agus aturnaetha (Abhcóidí Comhairleacha) a ndéanann gach duine acu speisialtóireacht i sainréimsí éagsúla dlí. Tá bainisteoir grúpa a bhfuil céim aige nó aici nach ísle ná Rúnaí Cúnta nó a coibhéis i gceannas ar gach grúpa ar leith. Is é an príomhdhualgas atá ar thaobh Abhcóidí Comhairleacha na hOifige cuidiú chun feidhmeanna agus dualgais an Ard-Aighne a chomhlíonadh. Tacaíonn foireann cléireachais thiomnaithe le gach grúpa, agus tá an fhoireann sin eolach ar ghnó an ghrúpa. Clúdaítear réimse fairsing ábhar, ach baineann na gníomhaíochtaí féin le trí réimse feidhmiúcháin, is iad sin:

- comhairle a sholáthar;
- dlíthíocht a stiúradh;

- bainteach le seirbhís dréachtaithe dlíthíochta a sholáthar do Ranna Rialtais.

Tá roinnt Abhcóidí Comhairleacha (agus Aturnaetha ó OPAS) ar iasacht ag Ranna Rialtais, agus ag Buanionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach. Socraíodh roinnt socrúchán le hinstitiúidí eile thar lear freisin.

## 3.2 Dréachtóirí Parlaiminte

Cuimsíonn Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (ODP) foireann saindlíodóirí atá oilte ar leibhéal ard i ndisciplín dréachtaithe na reachtaíochta. Is é cuspóir ODP sainseirbhís ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta éifeachtach agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil don Rialtas.

Is í príomhobair an ODP Billí Rialtais a dhréachtú lena gcur faoi bhráid Thithe an Oireachtais, leasuithe Rialtais ar Bhillí Chomhaltaí Príobháideacha a dhréachtú agus reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú, de réir mar is cuí, do Ranna nó Oifigí Rialtais, lena n-

áirítear ionstraimí lena ndéantar reachtaíocht an AE a thrasuí ina dlí baile faoi Achtanna na gComhphobal Eorpach 1972 - 2012.

Is é an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte ceann an ODP, agus, laistigh d’Oifig an Ard-Aighne, is ar an té sin atá an fhreagracht fhoriomlán maidir leis na seirbhísí dréachtaithe reachtaíochta a sholáthraíonn sí.

Tá ODP eagraithe ina cheithre ghrúpa, gach ceann acu freagrach as seirbhísí dréachtaithe a chur ar fáil do Ranna agus Oifigí ar leith de chuid an Rialtais. Tá bainisteoir grúpa a bhfuil céim aige nó aici nach ísle ná Rúnaí Cúnta nó a coibhéis i gceannas ar gach grúpa ar leith. Ar an mbainisteoir grúpa atá an fhreagracht bainistiú a dhéanamh ar an soláthar a dhéantar ar sheirbhísí dréachtaithe an ODP do na Ranna agus na hOifigí atá sannta don ghrúpa sin. Tacaíonn foireann cléireachais thiomnaithe le gach grúpa, agus tá an fhoireann sin eolach ar ghnó an ghrúpa.

## 3.3 Riarachán

Cuimsíonn an Rannán seo den OAA Aonaid thiomnaithe Ghnó a chuireann seirbhísí riaracháin agus tacaíochta ar fáil don OAA agus don ODP, lena n-áirítear:-

- Leabharlann agus Fios Gnó
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
- Acmhainní Daonna
- Airgeadas
- An Chlárlann
- Bainistiú Áiseanna
- Oifigí Príobháideacha na gCeann Oifige

# 4. Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Is comhoifig d’Oifig an Ard-Aighne an OPAS agus is í an príomhsholáthraí seirbhísí aturnae í don Ard-Aighne agus do Ranna agus Oifigí Rialtais. Cuireann sí seirbhísí aturnae ar fáil freisin do Ghníomhaireachtaí  eile Stáit ar leith, ach ní fheidhmíonn sí thar ceann daoine den phobal.

Áirítear ar na seirbhísí;

- Seirbhísí Dlíthíochta  - ionadaíocht a dhéanamh ar an Stát i ndlíthíocht uile shibhialta i bhfóraim bhaile agus eachtracha (cúirteanna, binsí fiosrúcháin agus coimisiúin imscrúdúcháin) i gcaingne bunreachtúla, in athbhreithnithe breithiúnacha, cúrsaí tearmainn agus inimirce, eiseachadadh, iarratais ar chúnamh frithpháirteach, Barántais Ghabhála Eorpacha, ionchúisimh Airí, ábhar a bhfuil baint ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla leis, ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus gach dlíthíocht eile a bhaineann le Ranna nó le hOifigí Rialtais.

- Seirbhísí Comhairleacha - comhairle ghinearálta agus shonrach a sholáthar do Ranna agus Oifigí ar cliaint iad maidir le réimse cúrsaí dlí agus comhairle ó thaobh tráchtála agus comhairlí de chineál eile a sholáthar maidir le réimsí tábhachtacha den Rialtas mar soláthar poiblí (lena n-áirítear ionadaíocht a dhéanamh ar an Oifig um Sholáthar Rialtais) agus cúrsaí maoine;

- Seirbhísí Trasghníomhaíochta - seirbhís chuimsitheach dlí i dtaobh tíolactha agus maoine a sholáthar do Ranna agus Oifigí ar cliaint iad; doiciméid tairisceana agus conarthaí tráchtála a idirbheartú agus a dhréachtú, chomh maith le comhairle a chur ar fáil ina dtaobh.

## 4.1 Rannáin Dlí OPAS

Tá OPAS leagtha amach de réir cúig Rannán dlí: Rannán Dlí an Riaracháin; Rannán Dlí na Comhairle, na Tráchtála agus na Fostaíochta; an Rannán Dlíthíochta Bunreachta agus Stáit; an Rannán Dlí agus Cirt; agus Rannán na Maoine Stáit. Tá gach Rannán leagtha amach i rannóga de réir chosúlacht na hoibre nó chosúlacht na gcliant.

## 4.2 Seirbhísí Corparáideacha OPAS

Tá an Rannán seo de OPAS comhdhéanta de rannóga tiomnaithe riaracháin a thacaíonn leis na seirbhísí corparáideacha a sholáthraíonn an OPAS agus oibleagáidí OPAS i gcomhthéacs Chlár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí a sholáthar. Seo a leanas na rannóga sin:-

- An Rannóg Acmhainní Daonna, a chuimsíonn an tAonad Oiliúna agus Forbartha
- An Rannóg Airgeadais agus Cuntas
- An Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide
- Rannóg na Seirbhísí Oifige a chuimsíonn an Chlárlann agus an tIonad Taifead
- Forbairt Eagrúcháin agus Tacaíocht Dlí, a chuimsíonn Bainistiú Faisnéise agus Eolais agus an Ceann Cléireachais
- Oifig Phríobháideach an Phríomh-Aturnae Stáit

# 5. Páirtithe Leasmhara

Áirítear i measc pháirtithe leasmhara na nOifigí:-

An Rialtas

Airí Rialtais

Ranna agus Oifigí Stáit lena n-áirítear Ranna a bhfuil Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht acu (a iarrann agus a fhaigheann seirbhísí dlí)

Na Cúirteanna

Coiste Reachtaíochta an Rialtais

Oifig Bhillí Thithe an Oireachtais

Oifig an Phríomh-Aoire

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Coiste um Chuntais Phoiblí na Dála

An tSeirbhís Chúirteanna

Painéil Abhcóidí

# Páirtithe Leasmhara (ar lean)

Gníomhaireachtaí Tearmainn

Coistí an Oireachtais

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Oifig an Aturnae Ioncaim

Gairmeacha Dlí

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Institiúidí an AE

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Tacaíocht Ghairmiúil Sheachtrach

An Garda Síochána

# 6. Seirbhísí atá le cur ar fáil sa Dá Theanga nó i nGaeilge agus Feabhsú ar Sheirbhísí atá le cur ar fáil i nGaeilge

## 6.1 Gealltanas Ginearálta na nOifigí

Tá na hOifigí tiomanta an leibhéal seirbhíse a chuireann siad ar fáil i nGaeilge faoi láthair agus a cuireadh ar fáil le linn an chéad trí Scéim Ghaeilge a choinneáil. Ina theannta sin, tá na hOifigí tiomanta a chinntiú go mbeidh an leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil do chliaint agus do chustaiméirí agus ar bhonn indíreach don phobal i gcoitinne sa dá theanga agus trí mheán na Gaeilge, leabaithe go docht i gcultúr na nOifigí le linn na tréimhse a mbeidh an ceathrú Scéim Gaeilge seo i bhfeidhm.

Beidh feidhm leis na gealltanais um chaighdeáin na seirbhísí atá glactha ag na hOifigí, mar a leagtar amach sa *Treoir Seirbhíse do Chliaint* de chuid OAA/ODP agus i b*Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí* OPAS agus i g*Cairteacha Custaiméirí agus Cliant* na nOifigí maidir leis na seirbhísí sin a chur ar fáil, cibé an i nGaeilge nó i mBéarla a chuirtear ar fáil iad.

Chomh maith leis na dualgais atá orthu faoi fhorálacha eile d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh, cinnteoidh na hOifigí go leanfar leis na gealltanais seo a fhorfheidhmiú:

- leanúint le gach comhfhreagras a fhaightear i nGaeilge a fhreagairt i nGaeilge, de réir alt 9(2) den Acht;
- painéal neamhfhoirmiúil foirne a bhfuil inniúlacht i nGaeilge acu a choinneáil ar bun in OAA, a admhóidh agus a fhreagróidh comhfhreagras agus teagmhálaithe;
- Sa chás go ndéantar imeachtaí dlí a thionscnamh i nGaeilge, leanfar den chás a shannadh do bhaill foirne dlí in OAA agus OPAS atá inniúil i nGaeilge agus ainmneoidh an tArd-Aighne abhcóide atá líofa i nGaeilge chun feidhmiú don Stát;
- leanúint ag cur na Gaeilge chun cinn go gníomhach i measc na foirne i gcoitinne agus an fhoireann a spreagadh chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge;
- leanúint den Bheartas Oiliúna Teanga a chur chun feidhme i gcónaí in OAA, lena mbunaítear creat chun cur le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na hoiliúna teanga, lena n-áirítear an oiliúint sa Ghaeilge a chuirtear ar fáil don fhoireann;

- leanúint de nuashonrú a dhéanamh ar Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (eISB), ionas go n-áireofaí ann téacs Gaeilge na nAchtanna uile (lena n-áirítear leasuithe bunreachtúla) arna n-achtú i nGaeilge nó sa dá theanga oifigiúla;

- leanúint ag cinntiú, nuair a shuiteáiltear córais ríomhaireachta nua nó nuair atá cothabháil chuí nó uasghrádú cuí á dhéanamh ar chórais ríomhaireachta ábhartha atá ann cheana, go bhfuil siad comhoiriúnach leis an nGaeilge faoi réir a bhfuil ar fáil agus gan dochar don leibhéal seirbhísí atá ar fáil cheana féin;

- a ghealladh go gcuirfear seirbhísí idirghníomhacha ar fáil go comhuaineach sa dá theanga amach anseo, sa chás go n-éileodh cúinsí sin (i bhfianaise shainordú na nOifigí, is ar éigean a bhfuil éileamh ar bith ar sheirbhísí idirghníomhacha atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne);

- leanúint den phainéal abhcóidí atá líofa i nGaeilge agus a thug le fios go bhfuil siad sásta feidhmiú don Stát a choinneáil faoi athbhreithniú i gcónaí;

- leanúint den leibhéal éilimh ar sheirbhísí Gaeilge ó chliaint agus ó chustaiméirí a thomhais ar bhonn leanúnach agus aon bhearta breise is gá a chur i bhfeidhm lena chinntiú go

bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun freastal ar na héilimh sin;

- leanúint de chothabháil a dhéanamh ar Ghrúpa neamhfhoirmeálta Sainleasa Gaeilge san OAA, a bhfuil ról aige maidir le cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne san OAA, trí imeachtaí sóisialta agus eile;
- leanúint den Chiorcal Comhrá in OPAS;
- leanúint den phost Oifigeach Gaeilge a choinneáil i ngach Oifig d'fhonn cur chuige dírithe comhordaithe a sholáthar maidir le leibhéal na seirbhíse a sholáthraítear i nGaeilge a fheabhsú le linn shaolré na Scéime;
- leanúint d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an líon foirne atá inniúil sa Ghaeilge agus ar earcú ball foirne a bhfuil sé ar a gcumas feidhmiú trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla d'fhonn dualgais a chomhlíonadh nuair is gá;
- leanúint d'fhardal leictreonach agus páipéir d'ábhar acmhainne Gaeilge a chothabháil agus a nuashonrú ar bhonn leanúnach san OPAS;
- leanúint de rochtain a sholáthar ar leathanach acmhainní Gaeilge nuashonraithe trí inlíon OAA agus ar liosta cruachóipe d'acmhainní Gaeilge atá ar fáil i leabharlann OAA;

- leanúint de láithreáin ghréasáin na nOifigí a chothabháil agus a nuashonrú i bhformáid dhátheangach. Chuige sin, cinnteoidh na hOifigí go mbeidh gach foilseachán, lena n-áirítear aon bhileoga eolais agus aon bhróisiúir a fhoilsítear i nGaeilge nó sa dá theanga, ar fáil ar leagan Gaeilge an láithreáin gréasáin ag an am céanna leis an leagan Béarla;

- a chinntiú go mbeidh an t-ábhar ar aon láithreáin ghréasáin nua a bhunóidh na hOifigí le linn na Scéime seo sa dá theanga;

- Sa chás go bhfógraítear folúntais phoist ar láithreáin ghréasáin na nOifigí, na fógraí a fhoilsiú sa dá theanga;

- leanúint de sheoltaí ríomhphoist ar leith a choinneáil i leith gach Oifige (eolas@ag.irlgov.ie eolas@csso.gov.ie) chuig ar féidir fiosruithe i nGaeilge a chur chucu, agus an séanadh caighdeánach sa dá theanga a bheith ar gach teachtaireacht ríomhphoist amach;

- a chinntiú go leanfaidh na hOifigí de na foirmeacha iarratais a tháirgeann siad a chur ar fáil go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla ar na láithreáin ghréasáin agus, nuair is cuí, foirmeacha den sórt sin a fhoilsiú sa dá theanga faoi chlúdach amháin. Cinnteoidh na hOifigí, nuair a sholáthraítear leaganacha ar leithligh Gaeilge agus Béarla

d'fhoirmeacha iarratais, go mbeidh ráiteas cuí ar an leagan Béarla den cháipéis ag cur in iúl go bhfuil leagan ar leith Gaeilge den cháipéis ar fáil, agus go mbeidh an leagan Gaeilge chomh héasca le fáil leis an leagan Béarla;

- tosaíocht a thabhairt don Ghaeilge ar lógónna na nOifigí ar gach stáiseanóireacht, duillín dea-mhéin agus cárta gnó;
- leanúint lena ghealladh go gcomhlíonfar na riachtanais maidir le hoiliúint agus acmhainní arna sainaithint ag na hOifigigh Gaeilge i dtuairiscí rialta chuig na Coistí/Bord Bainistíochta áitiúla agus Príomhúla.

## 6.2 Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (eISB)

Foilsíonn Oifig an Ard-Aighne Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (eISB) ar líne.  Tá téacs iomlán na nAchtanna agus na nIonstraimí Reachtúla ó 1922 i leith sa eISB, sa teanga inar achtaíodh nó ina ndearnadh iad.  Sa chás gur achtaíodh Acht sa dá theanga oifigiúla (mar shampla, Acht lena leasaítear an Bunreacht), tá téacs an Achta ar fáil sa dá theanga oifigiúla ar eISB.  Tá téacs iomlán an Bhunreachta foilsithe freisin sa dá theanga oifigiúla. Tá téacs comhéadain láithreán gréasáin eISB sa dá theanga freisin.

Níl sé beartaithe leagan Gaeilge de Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann a fhoilsiú ina mbeadh aistriúchán oifigiúil ar an reachtaíocht uile.  Óstálann Seirbhís Thithe an Oireachtais (STO) láithreán gréasán dátheangach mar a bhfuil aistriúchán go Gaeilge ar Achtanna an Oireachtais a achtaíodh i mBéarla ó 1922 go 2009 (roinnt eisceachtaí san áireamh).

## 6.3 Reachtaíocht

Is i mBéarla a dhéantar gach reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach a dhréachtú in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas. Is ar Rannóg an Aistriúcháin in Oifig na mBillí, Seirbhís Thithe an Oireachtais atá an fhreagracht gach reachtaíocht phríomhúil a aistriú go Gaeilge.

## 6.4 Fáilteoirí/Teileafónaithe

Is í an fhoireann fáiltithe agus na teileafónaithe an chéad phointe teagmhála ag cuairteoirí chuig na hOifigí agus ag glaoiteoirí ar na

hOifigí.  Beidh sé mar bheartas ag na hOifigí a chinntiú go leantar den ghnáthchleachtas maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a chur i bhfeidhm sa réimse seo.  Dá réir sin, ó thús na Scéime:

- Cinnteoidh an fhoireann fáiltithe agus na teileafónaithe go leanfar d'ainm na nOifigí a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla araon;
- Tá an fhoireann fáiltithe agus na teileafónaithe eolach ar na gnáthbhealaí chun beannú do dhuine i nGaeilge;
- Tá socruithe cuí i bhfeidhm ionas gur féidir daoine den phobal a shannadh nó a aistriú gan mhoill chuig oifigeach a phléifidh lena bhfiosrú i nGaeilge, má atá sin ar fáil;
- Cuirfear oiliúint athnuachana ar fáil go leanúnach, de réir mar is gá, don fhoireann fáiltithe agus do na teileafónaithe, lena chinntiú go ndéileálfar le cumarsáid i nGaeilge go pras agus go sásúil.

## 6.5 Oifigeach na Gaeilge

Leanfaidh Oifigigh na Gaeilge sna hOifigí i mbun na nithe seo a leanas:

- comhoibriú le chéile chun cur chuige atá dírithe agus comhordaithe a chur ar fáil a fheabhsóidh leibhéal na seirbhíse a sholáthraítear i nGaeilge le linn shaolré na Scéime;
- dul i mbun idirchaidrimh le Ceann Riaracháin agus Ceann Seirbhísí Corparáideacha na nOifigí faoi seach maidir le riachtanais oiliúna foirne a shainaithneofar ó am go chéile;
- cúnamh cúltaca agus pointe tagartha a chur ar fáil do gach ball foirne a ghlacann glaonna teileafóin nó a dhéileálann le comhfhreagras scríofa nó leictreonach eile i nGaeilge;
- comhairle a thabhairt faoin uair is gá ábhar Gaeilge a chur amach lena aistriú go gairmiúil;
- tuairisceoidh go rialta don Cheann Riaracháin, Cheann Seirbhísí Corparáideacha faoi seach agus do na Coistí/Boird Bainistíochta Príomhúla agus áitiúla agus Comhpháirtíochtaí mar is cuí chomh maith leis na céimeanna atá glactha chun gealltanais na nOifigí faoi Scéim 2020 - 2023 a chomhlíonadh a

shainaithint agus moltaí a dhéanamh maidir le riachtanais bhreise oiliúna agus acmhainní;

- tabhairt faoi fhardal, i gcomhar leis an bhfeidhm Acmhainní Daonna i ngach Oifig faoi seach, den éileamh ar sheirbhísí Gaeilge, le linn tréimhse feidhmithe Scéim 2020 - 2023;
- tabhairt faoi shuirbhé, i gcomhar leis an bhfeidhm Acmhainní Daonna i ngach Oifig faoi seach, ar leibhéil inniúlachta na foirne i nGaeilge faoi dheireadh mhí na Nollag 2020;
- dul i mbun idirchaidrimh leis an Oifigeach Oiliúna agus Forbartha i ngach Oifig faoi seach maidir le cúrsaí oiliúna Gaeilge a chur chun cinn;
- dul i mbun idirchaidrimh leis an bhfeidhm Acmhainní Daonna i ngach Oifig faoi seach maidir le taifead cothrom le dáta a bhunú de na baill foirne atá inniúil i nGaeilge faoi mhí na Nollag 2020;
- dul i mbun idirchaidrimh leis an bhfeidhm Leabharlainne agus Eolais agus lucht TFC i ngach Oifig faoi seach maidir le nuashonrú an fhardail leictreonaigh agus páipéir d’ábhar acmhainne i nGaeilge;
- dul i mbun idirchaidrimh leis na hAonaid Leabharlann agus Fios Gnó agus TFC in OAA maidir le huasdátú a dhéanamh ar

leathanach na n-acmhainní Gaeilge ar an inlíon agus maidir le huasdátú na treorach cruachóipe don leabharlann in OAA.

## 6.6 Poist a Shonraítear a bhfuil Gá leis an nGaeilge

I bhfianaise bheartas an Rialtais maidir le soláthar feabhsaithe seirbhísí i nGaeilge, thug na hOifigí faoi athbhreithniú i dtaca le poist a bhfuil inniúlacht Gaeilge riachtanach dóibh. Aithníodh róil na nOifigeach Gaeilge sa chatagóir seo agus tá socruithe in áit chuige sin.

# 7. Monatóireacht

Coinneoidh an tOifigeach Gaeilge i ngach Oifig, i gcomhar leis an gCeann Riaracháin/Ceann Seirbhísí Corparáideacha cuí, feidhmiú éifeachtach na Scéime faoi athbhreithniú, agus cuirfidh sé nó sí tuairiscí tréimhsiúla chuig an gCoiste/Bord Bainistíochta áitiúil cuí agus chuig Comhchoiste Comhairleach Bainistíochta Príomhúil OAA/OPAS.

# 8. Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poiblíocht ar ábhar na Scéime seo mar aon le gealltanais agus forálacha na Scéime tríd an Scéim a fhoilsiú ar láithreáin ghréasáin na nOifigí.

Ina theannta sin, glacfaidh na hOifigí gach deis ina gcumarsáid le cliaint agus le custaiméirí chun na seirbhísí a sholáthraíonn siad i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú le fógraí sna hionaid fáiltithe a léiríonn na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil, agus, ina theannta sin, trí na seirbhísí céanna a liostáil go feiceálach ar láithreáin ghréasáin na nOifigí.

Tá cóip den Scéim seo curtha faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Teanga.